CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 327 Eagrán Speisialta Gaeilge an 9 Nollaig 2017)

Ar leathanach 25, in aithris 32, sa seachtú habairt:

in ionad:

"Maidir le náisiúnaigh tríú tír ar baill iad de theaghlach saoránaigh de chuid an Aontais, saoránach a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) maidir leis …agus nach bhfuil cárta cónaithe de bhun Threoir 2004/38/CE aige, is iomchuí ….

([2]) Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta shaoránaigh an Aontais agus ceart bhaill dá dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).",

léitear:

"Maidir le náisiúnaigh tríú tír ar baill teaghlaigh iad le saoránach den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) maidir leo …agus nach bhfuil cárta cónaithe de bhun Threoir 2004/38/CE ná cead cónaithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle ([3]) ina seilbh acu, is iomchuí ….

([2]) Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).".

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tíortha (IO L 157, 15.6.2002, lch. 1).".

Ar leathanach 29, i bpointe (i) de phointe (b) d'Airteagal 2(1):

in ionad:

"ar baill iad de theaghlach saoránaigh den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis, nó ar baill iad de theaghlach náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart saoránach de chuid an Aontais …",

léitear:

"ar baill teaghlaigh iad le saoránach den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leo nó ar baill teaghlaigh iad le náisiúnach tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart shaoránaigh an Aontais …".

Ar leathanach 30, i bpointe (a) d'Airteagal 2(3):

in ionad:

"náisiúnaigh tríú tír ar baill iad de theaghlach saoránaigh de chuid an Aontais a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis …;",

léitear:

"náisiúnaigh tríú tír ar baill teaghlaigh iad le saoránach den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leo …;".

Ar leathanach 30, i bpointe (i) de phointe (b) d'Airteagal 2(3):

in ionad:

"go bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta ag an náisiúnach tríú tír sin atá coibhéiseach le ceart saoránach de chuid an Aontais …;",

léitear:

"go bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta ag an náisiúnach tríú tír sin atá coibhéiseach le ceart shaoránaigh an Aontais …;".

Ar leathanach 30, i bpointe (f) d'Airteagal 2(3):

in ionad:

"sealbhóirí pas arna eisiúint ag Stát Chathair na Vatacáine;",

léitear:

"sealbhóirí pas arna eisiúint ag Stát Chathair na Vatacáine nó ag an Suí Naofa;".

Ar leathanach 30, i bpointe (a) d'Airteagal 2(4):

in ionad:

"ar baill iad de theaghlach saoránaigh de chuid an Aontais a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis, nó baill de theaghlach náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart saoránach de chuid an Aontais …",

léitear:

"ar baill teaghlaigh iad le saoránach den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leo nó ar baill teaghlaigh iad le náisiúnach tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart shaoránaigh an Aontais …".

Ar leathanach 31, i bpointe (6) d'Airteagal 3(1):

in ionad:

"ciallaíonn 'náisiúnach tríú tír' aon duine nach saoránach den Aontas é nó í de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE, cé is moite de dhaoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart saoránach de chuid an Aontais …",

léitear:

"ciallaíonn 'náisiúnach tríú tír' aon duine nach saoránach den Aontas é nó í de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE, cé is moite de dhaoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart shaoránaigh an Aontais …".

Ar leathanach 36, i bpointe (a) sa dara fomhír d'Airteagal 11(1):

in ionad:

"ar baill iad de theaghlach saoránaigh de chuid an Aontais a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis, nó ar baill iad de theaghlach náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart saoránach de chuid an Aontais …",

léitear:

"ar baill teaghlaigh iad le saoránach den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leo nó ar baill teaghlaigh iad le náisiúnach tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart shaoránaigh an Aontais …".

Ar leathanach 37, in Airteagal 12(1):

in ionad:

"[…] inar sáraíodh an uasfhad an fhanachta údaraithe ….",

léitear:

"[…] inar sáraíodh uasfhad an fhanachta údaraithe ….".

Ar leathanach 40, i bpointe (i) de phointe (c) sa chéad fhomhír d'Airteagal 16(2):

in ionad:

"ar ball é nó í de theaghlach saoránaigh de chuid an Aontais a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis nó léi, nó ar ball é nó í de theaghlach náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart saoránach de chuid an Aontais …",

léitear:

"ar ball teaghlaigh é nó í le saoránach den Aontas, ball a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis nó léi, nó ar ball é nó í de theaghlach náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart shaoránaigh an Aontais …".

Ar leathanach 40, i bpointe (d) sa chéad fhomhír d'Airteagal 16(2):

in ionad:

"uimhir greamáin na víosa gearrfhanachta …agus an dáta a rachaidh bailíocht na víosa gearrfhanachta in éag, i gcás inarb infheidhme;",

léitear:

"i gcás inarb infheidhme, uimhir greamáin na víosa gearrfhanachta …agus an dáta a rachaidh bailíocht na víosa gearrfhanachta in éag;".

Ar leathanach 45, Airteagal 23(2), an dara fomhír:

in ionad:

"… ceadóidh siad VIS i gcomhréir le hAirteagal 18(2a) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.",

léitear:

"… ceadóidh siad VIS i gcomhréir le hAirteagal 18(3) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.".

Ar leathanach 49, i bpointe (a) d'Airteagal 32(1):

in ionad:

"… chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú …;",

léitear:

"…chun cion sceimhlitheoireachta nó cion coiriúil tromchúiseach eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú …;".

Ar leathanach 52, sa chéad abairt den dara fomhír d'Airteagal 35(6):

in ionad:

"…nó i gcás ina bhfuil ag an náisiúnach tríú tír sin pas arna eisiúint ag Stát Chathair na Vatacáine, cuirfidh an náisiúnach an t-athrú sin in iúl ….",

léitear:

"…nó i gcás ina bhfuil ag an náisiúnach tríú tír sin pas arna eisiúint ag Stát Chathair na Vatacáine nó ag an Suí Naofa, cuirfidh an náisiúnach an t-athrú sin in iúl ….".

Ar leathanach 67, i bpointe (b) d'Airteagal 61(1):

in ionad:

"…:

'(l) i gcás inarb infheidhme, stádas an duine lena dtugtar le fios gur ball de theaghlach saoránaigh de chuid an Aontais a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) maidir leis nó náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart saoránach de chuid an Aontais …

(*) Treoir 2004/38/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu gan bhac laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).",

léitear:

"]:

'(l) i gcás inarb infheidhme, stádas an duine lena dtugtar le fios gur ball teaghlaigh le saoránach den Aontas an náisiúnach tríú tír, ball a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) maidir leis nó léi nó gur ball teaghlaigh é nó í le náisiúnach tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart shaoránaigh an Aontais …

(*) Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).".